

**Maidir leis an saothar**

Is pictiúr é seo leis an ealaíontóir darb ainm dó Gerard Dillon. Rinneadh *IslandPeople* (Oileánaigh), nuair a chaith Dillon bliain ar Inis Leacan amach ó chósta Chonamara in iarthar na hÉireann.

Cad is féidir linn a fheiceáil sa phictiúr? Tá fear ag siúl amach i dtreo na farraige agus a cheann cromtha aige. Cad atá á iompar aige? An ealaíontóir é? Tá an bheirt ar thaobh na láimhe deise ag faire air.

Tá mórán ainmhithe sa phictiúr freisin. An féidir leat iad á bhfeiceáil? Cé mhéad is féidir leat a aimsiú?

Cad a cheapann tú faoi na dathanna atá á n-úsáid ag Dillon sa phictiúr seo? Tá siad an-nádúrtha, nach bhfuil? Imreacha donna, liatha, dubhghorma, dubhghlasa. Seo dathanna a fheiceann tú go minic agus tú ar shiúlóid in Éirinn.

Tá mórán clocha sa phictiúr. Tá claíocha cloch ag scaradh na ngort agus tá ballaí cloch ag na foirgnimh freisin.

**Oileánaigh**

An raibh tú riamh ar oileán Éireannach? Tá go leor acu againn! An féidir leat a shamhlú conas atá sé agus cónaí ort ar oileán beag? Thiocfadh do chuid bia go léir isteach chugat ar bhád agus b'fhéidir go mbeadh turas farraige i gceist freisin agus tú ag dul ar scoil! An féidir leat an turas báid sin a shamhlú ar mhaidin dorcha geimhridh?



**Oileáin scrofa**

An bhféadfaimis ainmneacha na n-oileán Éireannach seo a leanas a dhéanamh amach. Má tá tú i bponc, b'fhéidir go mbeadh a fhios ag duine fásta ar cheann nó dhó acu! Tá leideanna ann chun cabhrú leat maidir le gach ceann acu.

NIIS ÓMR –Oilean mór, Co. Na Gaillimhe

NOÁLIE ECLIRÉ–Le feiceáil ar lá geal i gCo. Chorcaí.

SIIN NCRÁAI - Oileán chun dul i gcomórtas leis an gceann thuas, san áit ina bhfuil an t-uisce ag béiceadh i gCo. Chorcaí.

CLAA–An t-oileán is mó in Éirinn, i gCo. Mhuigh Eo.

SILEICLG LÍHMIHC –Rinneadh scannán de chuid *StarWars* anseo i gCo. Chiarraí.

IGNARSI - Parrthas trópaiceach le go leor rónta mórthimpeall, i gCo. Chorcaí.

NISIÓBINFEN –An áit ina bhfuil cónaí ar an mbó geal,Co. Na Gaillimhe

NA BOCALDSARMÓ –Bhíodh Peig Sayersina cónaí anseo, Co. Chiarraí

HRDIBEAR–Is féidir leat tiomáint go dtí an t-oileán seoi gCo. Chiarraí

**Ag péinteáil na gclocha**

Tá an-chuid clocha le feiceáil sna pictiúir de chuid Gerard Dillon. Chomh maith lena bheith ina n-ábhar an-úsáideach tógála agus leis an gcuma deas orthu ar an trá, is iontach an canbhás is féidir a dhéanamh as clocha!

Faigh cloch mhín ar do chéad siúlóid eile sa ghairdín nó lasmuigh sa pháirc. Beidh péinteanna aicrileach agus scuaba péint ag teastáil uait le haghaidh do chloch a péinteáil.






Is féidir leat do chloch a phéinteáil cén chaoi ar bith is mian leat. Is féidir á bheith ina haghaidh, ina hainmhí nó ina pictiúr iomlán. Spreag *IslandPeople* an léargas cois farraige domsa:



Agus...Ambasa! Ta pictiúir beaga cloiche agat lena gcur le do bhailiúchán, lena gcur i do phóca nó lena dtabhairt d'éinne lena bhfuil tú i ngrá!